# Celtic Interconnector

La liaison électrique entre la France et l'Irlande
*Connecting the electricity grids of Ireland and France*

## Achoimre ar an Tionscadal

Le tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, cruthófar idirnasc leictreachais idir Éirinn agus an Fhrainc chun malartú leictreachais idir an dá thír a éascú. Déanfaidh an nasc an fostáisiún leictreachais atá ann faoi láthair i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) a cheangal leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, an Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí agus an t-aon nasc díreach fuinnimh amháin idir Éirinn agus Ballstát den Aontas Eorpach á chur ar fáil aige. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir an chórais tarchurtha leictreachais in Éirinn, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité (RTE). Ceaptar go mbeidh sé críochnaithe in 2026.

### San eagrán seo


- Uasdátú Tionscadail
- Cad atá ag Tarlú faoi Láthair
- Ciste Sochair Pobail
- Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail
- An Raibh a Fhios Agat
- EirGrid ag Tacú le Pobail Oirthear Chorcaí
- Comhoibriú ag leibhéal an AE


## Uasdátú Tionscadail

Lean dul chun cinn an tionscadail ar aghaidh le linn an gheimhridh le 96% de shuiteáil an Chábla Srutha Ardvoltais (SAAV) curtha i gcrích. Tá athchóiriú an bhóthair ag leanúint ar aghaidh ar an mbealach i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí. Ar an mbealach Srutha Dhírigh Ardvoltais (SDAV) idir Baile Adaim agus an Caisleán Cria in Eochaill, tá 75% den trinseáil agus duchtáil curtha i gcrích anois.

Tá tús curtha leis na hoibreacha don teacht i dtír ag Trá an Chaisleáin Chria, le láithreán oibre tógtha i gcuid de charrchlós na trá. Lean suiteáil struchtúr cófradhamba ar an trá an méid sin. Tugann an cófradhamba deis duchtanna a leagan trína gcuirfear na cáblaí ó agus chuig an mbealach mara chun na Fraince. Is déanmhas sealadach é an cófradhamba a mbainfear nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích.

Copyright © 2025 | EirGrid |. All rights reserved.

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



*Tógáil an Chófradhamba ag Trá an Chaisleáin Chria, Feabhra 2025.*



*Dul chun cinn na n-oibreacha ag láithreán an stáisiúin tiontaire, Baile Adaim.*

## Cad atá ag Tarlú faoi Láthair

### Radharc Talún

Tá oibreacha cladaigh ag Trá an Chaisleáin Chria laistigh den limistéar taoide ar siúl. Is éard atá i gceist leis an limistéar taoide ná limistéar na trá idir an líne lag trá agus an líne bairr láin. Tá gléasra agus innealra ar talamh in úsáid leis an duchtáil DC laistigh den chófradhamba a shuiteáil. Nuair a bheidh an tochailt críochnaithe agus na duchtanna suiteáilte, clúdófar na duchtanna agus athchóireofar an trá.

### Bealach an chábla

Tá oibreacha ar an mbealach cábla SAAV idir Carraig Thuathail agus Cnoc Rátha ag leanúint ar aghaidh, le siúntáil, cúl-líonadh, athchóiriú bóthair agus cuas scoite a bhaint. Tá oibreacha trinseála agus duchtála ag leanúint ar aghaidh ar an N25 idir Baile na Martra agus Cill Ia, agus ceaptar go mbeidh sé críochnaithe faoi dheireadh mhí Feabhra 2025. Fanfaidh bainistiú tráchta agus luasteorainneacha i bhfeidhm. Tá oibreacha trinseála agus duchtála idir Cill Ia agus Eochaill tosaithe agus ceaptar go mbeidh siad críochnaithe faoi Bhealtaine 2025 agus go dtiocfaidh oibreacha suiteála cábla ina ndiaidh. Beidh luasteorainn i bhfeidhm ar an N25 ó Mhárta go Bealtaine 2025.

### Stáisiún tiontaire

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an stáisiún tiontaire le tógáil an dín agus na mballaí críochnaithe agus beidh cumhdach ballaí seachtracha mar an gcéad chéim eile. Tá tús curtha le hoibreacha suiteála leictrigh. Nuair a bheidh sé sin curtha i gcrích, úsáidfear an foirgneamh seo do na córais rialaithe agus trealamh riachtanacha agus beidh ról ríthábhachtach aige in oibríocht fhoriomlán an phróisis tiontaithe voltais.

### Fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh

Tá oibreacha bóthair ar láithreán fhostáisiúin Bhaile an Ghogánaigh ar siúl faoi láthair atá dírithe ar rochtain agus bonneagar sa cheantar a fheabhsú. Áirítear san obair seo grádú, pábháil agus sruthchórais riachtanacha a shuiteáil chun sábháilteacht ar bhóithre agus feidhmiúlacht a fheabhsú.

### Cloch Mhíle Thógála a Cheiliúradh

I mí na Samhna 2024, bhain an t-Idirnascaire Ceilteach cloch mhíle shuntasach amach agus bliain amháin caite sa tógáil. Agus an chloch mhíle den chéad bhliain sa tógáil á ceiliúradh, chuir foirne EirGrid agus na páirtithe tionscadail fáilte roimh Ambasadóir na Fraince in Éirinn, H.E. Céline Place, chuig láithreán an stáisiúin tiontaire i mBaile Adaim, gar do Charraig Thuathail, agus tugadh aitheantas don chomhoibriú idir na foirne in Éirinn agus sa Fhrainc.



*Sa phictiúr ón gclé go deas, Ed Raffle, foireann an Idirnascaire Cheiltigh, Pádraig Slyne, EirGrid, Josselin Le Gall, Consal Oinigh na Fraince i gCorcaigh, Ambasadóir na Fraince H.E. Céline Place, Shane Cooney, foireann an Idirnascaire Cheiltigh, Maxime Augé, Ambasáid na Fraince in Éirinn, ag láithreáin an stáisiúin tiontaire i mBaile Adaim, oirthear Chorcaí.*



## Ciste Sochair Pobail

Tá fáilte á chur roimh iarratais don dara céim den chiste €2.4 milliún le €841,013 i maoiniú ar fáil do phobail agus grúpaí deonacha incháilithe. Bunaíodh Ciste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh chun aitheantas a thabhairt do thábhacht na bpobal áitiúil a éascaíonn forbairt ríthábhachtach na heangaí leictreachais agus rachaidh sé chun tairbhe grúpaí agus tionscadal sa cheantar mórthimpeall ar Chorcaigh Thoir. Beidh maoiniú €240,000 ar fáil do thionscadail phobail, €240,000 do thionscadail inbhuanaitheachta agus €361,013 do thionscadail bhithéagsúlachta, le gannchaitheamh de €121,013 ón gcéad chéim den chiste faoin sruth bithéagsúlachta.

Bhain 29 grúpa pobail leas as Ciste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh a fuair €838,987 san iomlán, agus an maoiniú ag tacú le raon leathan tionscadal. Má tá suim agat iarratas a chur isteach faoi cheann ar bith de na sruthanna maoinithe, seol ríomhphost chuig info@secad.ie

"In 2019, chuireamar plean le chéile siúlbhealach tríd an gcoill ar son leasa an phobail áitiúil a fhorbairt, mar sin chuireamar iarratas chuig EirGrid do Chiste Sochair Pobail, agus bhí an t-ádh linn tríocha seacht míle a fháil le haghaidh an chéad chéim den siúlbhealach seo."

**Declan Whelan**
Comhairle Pobail Lios Cúil Léim Lára
€37,000



"Bhí an t-ádh linn gur éirigh linn maoiniú a fháil ó Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh. Beimid ag cur crann dúchasacha níos oiriúnaí in ionad na gcrann atá ann agus déanfaimid athchóiriú ar an lochán chun go mbainfidh an pobal taitneamh as."

**Grainne Furey**
Líonra Pobail Ghoirm agus Ghlais Eochaille
€33,819




"Tá ár gcóras soilse idir 15-20 bliain d'aois. Níl 70% de na soilse ag obair. Cuirfidh an tionscadal, soilse nua LED, arna thacú ag EirGrid feabhas ar rannpháirtíocht sa chlub CLG. Gan maoiniú mar seo, ní éireoidh le tionscadail mar seo."

**Joe Kirk & Alan Geary**
CLG Eochaill
€30,000



## Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Ag tús 2025, tá oibreacha an Idirnascaire Cheiltigh sa Fhrainc dírithe ar oibreacha sibhialta ag stáisiún tiontaire Ar Merzher a chur i gcrích agus táthar ag siúl le seachadadh na chéad chlaochladáin tiontaire atá beartaithe do mhí na Bealtaine. Idir an dá linn, tá athchóiriú déanta ar 20% de thrinseáil agus ducht áil an bhealaigh chábla SDAV agus tá 43% ag leanúint ar aghaidh. Déanfar claondruileáil faoi thalamh le Port-Neuf mar an gcéad chéim shuntasach eile idir Feabhra agus Aibreán.





*Oibreacha ag dul ar aghaidh ag láithreán an stáisiúin tiontaire Ar Merzher gar d'fhostáisiún La Martyre (Finistère), an Fhrainc.*

## An Tionscadal in Uimhreacha

**36**

an méid ciliméadar a thrinseáladh agus a shuiteáladh le ductáil go rathúil mar ullmhúchán do shuiteáil cábla.

**30**

an méid ciliméadar ar an mbealach cábla atá suiteáilte le cábla ardvoltais.

## An Raibh a Fhios Agat?

an méid ciliméadar a thrinseáladh agus a shuiteáladh le duchtáil go rathúil mar ullmhúchán do shuiteáil cábla. Tá fad iomlán 150 méadar agus seas 31 méadar ag gnáthlong a leagann síos cáblaí, long amhail na longa a úsáidfear ar an Idirnascaire Ceilteach.

## EirGrid ag Tacú le Pobail Oirthear Chorcaí

An mhí seo chugainn, tá EirGrid ag tacú le rás bóthair 10-míle Oirthir Chorcaí Mhainistir na Corann, arna eagrú ag Pobal Spóirt Lúthchleasaíochta Oirthear Chorcaí (CEASC). Reáchtálfar an ócáid ar an Domhnach an 9 Márta agus rithfear é ar Ghlasbhealach scéimhe Mhainistir na Corann go hEochaill. Tabharfaidh an ócáid seo deis do rannpháirtithe páirt a ghlacadh san iarracht phobail an lúthchleasaíocht a chur chun cinn in Oirthear Chorcaí agus iad ag iarraidh áis réigiúnach raoin is faiche a fhorbairt d'Oirthear Chorcaí.




## Comhoibriú ag Leibhéal an AE

Bhain baill d'fhoireann an Idirnascaire Cheiltigh ó EirGrid agus Réseau de Transport d'Électricité taitneamh as cuairt léirsteanach go Coreso sa Bhruiséil an mhí seo caite. Is é Coreso SA grúpa comhordaithe an AE maidir le hOibreoirí Córas Tarchurtha ar fud na hEorpa, ag déanamh anailíse, ag moladh agus ag comhordú réiteach dá chomhpháirtithe i réimsí difriúla, agus ag iarraidh clúdaigh leictreachais ar fud na hEorpa a chinntiú. Bhain an dá fhoireann taitneamh as cuir i láthair léirsteanacha ar na deiseanna a bhaineann le líonra Eorpach níos nasctha agus an tslí a gcuirfidh an t-Idirnascaire Ceilteach leis seo.



# Amlíne Tionscadail

## 2025

Tús le suiteáil cábla mara amach ón gcósta.

Críoch le suiteáil agus nascadh cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Foirgnimh stáisiúin tiontaire críochnaithe.

## 2026

Críoch le suiteáil cábla mara amach ón gcósta.

Feachtais chosanta cáblaí fomhuirí.

Tástálacha coimisiúnaithe. Tástálacha córais idirnascaire.

Tús le triail-tréimhse feidhmiúcháin.

# Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do chomhairliúchán le pobail ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail. Táimid an-bhuíoch as foighne agus tacaíocht leanúnach na bpobal, na n-úinéirí talún agus na bpáirtithe leasmhara agus muid ag dul ar aghaidh leis an obair seo.




### Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh Pobail
EirGrid
085 870 4999





### Cillian Quinlan

Oifigeach Idirchaidrimh
Sorensons
086 032 6171


Scan anseo chun a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail, nó tabhair cuairt ar www.eirgrid.ie/celticinterconnector

Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphoist liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátuithe ag uair ar bith trí ríomhphost a chur chuig celticinterconnector@eirgrid.com

### Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le bóithre a bheidh dúnta, cláraigh d'ár seirbhís Téacs **SAOR IN AISCE** trí théacs le **INTER** a chur chuig **50015**.

### Uasdátú Ríomhphoist

Más mian leat uasdátú ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóithre, cuir ríomhphost le do thoil chuig celticinterconnector@ sorensen.ie


Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

The Celtic interconnector project is being developed by EirGrid, the operator of the energy transfer system in Ireland, and its counterpart in France, RTE (Réseau de Transport d'Électricité).



Copyright © 2024 | EirGrid |. All rights reserved.